Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11883/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0208 (NLE)**

**ECOFIN 1010**
**UEM 360**
**FIN 1069**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 379 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 379 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 379 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 379 final

2026/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince**

{SWD(2026) 230 final}

2026/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Fhrainc plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 28 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021’)[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3] agus an 12 Nollaig 2025[4].

(2) An 29 Bealtaine 2026 rinne an Fhrainc iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bhFrainc.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Fhrainc isteach de bharr imthosca oibiachtúla, baineann siad le 17 mbeart.

(4) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, toisc go gcruthódh saincheisteanna a tháinig chun cinn agus fianaise thacaíochta á bailiú ualach riaracháin díréireach i ndáil le costáil na sprice. Tá sé d’aidhm ag an leasú atá beartaithe freisin cur chun feidhme an phlean a chuíchóiriú agus a shimpliú. Baineann sé sin le sprioc 7-16 de bheart C7.I1 (Uasghrádú digiteach

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 10162/21 INIT; ST 10162/21 ADD 1.
3 ST 11150/23 INIT; ST 11150/23 ADD 1 REV 2 agus ceartúchán ST 14651/24.
4 ST 15759/25 INIT; ST 15759/25 ADD 1.

cuideachtaí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar an ualach riaracháin a bhfuil coinne leis chun údar a thabhairt le cuid den sprioc agus mar gheall ar dheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an bhfianaise is gá a bhailiú. Tá sé d'aidhm ag an leasú atá beartaithe freisin cur chun feidhme an phlean a chuíchóiriú agus a shimpliú. Baineann sé sin le sprioc 8-25 de bheart C8.I18 (Oiliúint ghairmiúil a nuachóiriú agus a dhigitiú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla chun an infheistíocht a chur chun feidhme laistigh de thréimhse incháilitheachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an bhfianaise is gá a bhailiú. Tá sé d'aidhm ag an leasú atá beartaithe freisin cur chun feidhme an phlean a chuíchóiriú agus a shimpliú. Baineann sé sin le sprioc 9-12 d'infheistíocht C9.I3 (Athchóiriú bunaíochtaí liachta-shóisialta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh toisc, mar gheall ar shaincheisteanna tionsclaíocha, gur cuireadh amlíne cur chun feidhme tionscadail amháin siar thar thréimhse incháilitheachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Baineann sé sin le cloch mhíle 10-8 de bheart C10.I2 (Hidrigin IPCEI). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an bhFrainc go bhfuil ceithre bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le cloch mhíle 2-3a d'athchóiriú C2.R2 (An Dlí maidir leis an ngeilleagar ciorclach), cloch mhíle 7-2 d'athchóiriú C7.R1 (Dlí 3DS), cloch mhíle 7-4 de C7.R2 (Dlí orgánach maidir le turgnaimh), agus sprioc 8-5 de C8.R3 (Athchóiriú ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tá mínithe ag an bhFrainc go bhfuil cúig bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le sprioc 3-20 d'infheistíocht C3.I3 (Soghluaisteacht laethúil), sprioc 4-12 d'infheistíocht C4.I3 (Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta), cloch mhíle 7-14a d'athchóiriú C7.R5 (Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí), cloch mhíle 7-23 d'infheistíocht C7.I6 (Iarratais ón Aireacht Gnóthaí Baile) agus sprioc 7-30 d'infheistíocht C7.I11 (Cultúr). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tá mínithe ag an bhFrainc nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí theicniúla gan choinne. Baineann sé sin le sprioc 3-14 d'infheistíocht C3.I1 (Tacaíocht don iarnród), cloch mhíle 10-5 d'infheistíocht

C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise), agus sprioc 10-12 d'infheistíocht C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, lena n-áirítear foirgnimh atá ag cailliúint a lán fuinnimh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Fhrainc úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí sprioc 7-16 d'infheistíocht C7.I1 (Uasghrádú digiteach cuideachtaí), sprioc 8-25 de bheart C8.I18 (Oiliúint ghairmiúil a nuachóiriú agus a dhigitiú), sprioc 9-12 d'infheistíocht C9.I3 (Athchóiriú bunaíochtaí liachta-shóisialta) agus cloch mhíle 10-8 de bheart C10.I2 (Hidrigin IPCEI), agus tríd an laghdú ar leibhéal chur chun feidhme sprioc 3-14 d'infheistíocht C3.I1 (Tacaíocht don iarnród), cloch mhíle 7-23 d'infheistíocht C7.I6 (Iarratais ón Aireacht Gnóthaí Baile), sprioc 7-30 d'infheistíocht C7.I11 (Cultúr), cloch mhíle 10-5 de bheart C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise), sprioc 10-12 d'infheistíocht C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, lena n-áirítear foirgnimh atá ag cailliúint a lán fuinnimh) chun leibhéal cur chun feidhme aon bhirt amháin a mhéadú. Baineann sé sin le sprioc 10-13 de bheart C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an bhFrainc go méadófaí leibhéal cur chun feidhme beart amháin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

***Measúnú an Choimisiúin***

(12) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU***

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(14) Déantar baint chloch mhíle 10-8 d'infheistíocht C10.I2 (Hidrigin IPCEI) agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme chloch mhíle 10-5 d'infheistíocht C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise) agus sprioc 10-12 d'infheistíocht C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, lena n-áirítear foirgnimh atá ag cailliúint a lán fuinnimh) a fhrithchothromú leis an méadú ar sprioc 10-13 d'infheistíocht C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana). Na hathruithe a tugadh isteach sna bearta trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar REPowerEU, atá fós mar a bhí sé.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 48,43 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus 94,12 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil

REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(16) Ní dhéanann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe athrú ábhartha ar a uaillmhian i leith an aistrithe ghlais, ós rud é nár tháinig ach laghdú 0,54 pointe céatadáin ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta a thacaíonn leis na cuspóirí aeráide i gcomparáid le measúnú leasaithe an 12 Nollaig 2025. Is toradh é an laghdú sin ar an laghdú ar roinnt beart, is é sin sprioc 3-14 d'infheistíocht C3.I1 (Tacaíocht don iarnród), sprioc 7-30 d'infheistíocht C7.I11 (Cultúr), cloch mhíle 10-5 d'infheistíocht C10.I1 (Tionscal saor ó iontaise), sprioc 10-12 d'infheistíocht C10.I4 (Athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach, lena n-áirítear oirgnimh atá ag cailliúint a lán fuinnimh, agus baint chloch mhíle 10-8 d'infheistíocht C10.I2 (Hidrigin IPCEI) a chúitítear leis an méadú ar sprioc 10-13 d'infheistíocht C10.I5 (Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana). Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 21 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(18) Ní dhéanann an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe athrú ábhartha ar a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh, ós rud é nach bhfuil ach laghdú 0,5 pointe céatadáin tagtha ar an leithdháileadh iomlán le haghaidh bearta lena dtacaítear leis an aistriú digiteach i gcomparáid le measúnú leasaithe an 12 Nollaig 2025. Is é is cúis leis an laghdú sin gur baineadh sprioc 7-16 d'infheistíocht C7.I1 (Uasghrádú digiteach cuideachtaí) agus sprioc 8-25 d'infheistíocht C8.I18 (Oiliúint ghairmiúil a nuachóiriú agus a dhigitiú), agus an laghdú ar leibhéal uaillmhéine sprioc 7-23 d'infheistíocht C7.I6 (Iarratais ón Aireacht Gnóthaí Baile) agus sprioc 7-30 d'infheistíocht C7.I11 (Cultúr). Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Costáil***

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(20) I gcás na mbeart a laghdaíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, bhí an laghdú ar an gcostas measta comhréireach leis an laghdú ar na clocha míle agus na spriocanna ábhartha nó bhí sé bunaithe ar mhodheolaíochtaí dea-cháilíochta agus doiciméadacht tacaíochta le fianaise go raibh údar leis na modhnuithe costais, agus go raibh siad réasúnta agus inchreidte. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an

phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(21) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Fhrainc chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(22) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(23) Is é EUR 40 310 303 896 méid chostais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fraince. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Fhrainc, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fraince, ba cheart gurb é EUR 40 269 973 178 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Fhrainc.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(25) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Fraince a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince mar seo a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*